Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Deireadh Fómhair 2021**
**(OR. en)**

**13048/21**

**CYBER 263**
**JAI 1117**
**TELECOM 384**
**CSC 362**
**CIS 116**
**RELEX 874**
**ENFOPOL 370**
**COPS 373**
**COSI 190**
**HYBRID 62**
**CSCI 133**
**POLGEN 177**
**DATAPROTECT 244**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 19 Deireadh Fómhair 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12534/21 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle ag féachaint ar acmhainneacht an tionscnaimh um Chibearaonad Comhpháirteach – lena gcomhlánaítear Freagairt Chomhordaithe ón Aontas ar Theagmhais agus Géarchéimeanna Cibearshlándála Mórscála<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 19 Deireadh Fómhair) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo na Conclúidí ón gComhairle ag féachaint ar acmhainneacht an tionscnaimh um Chibearaonad Comhpháirteach – lena gcomhlánaítear Freagairt Chomhordaithe an Aontais ar Theagmhais agus Géarchéimeanna Cibearshlándála Mórscála, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an gcruinniú a bhí aici an 19 Deireadh Fómhair 2021.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle ag féachaint ar acmhainneacht an tionscnaimh um Chibearaonad Comhpháirteach – lena gcomhlánaítear Freagairt Chomhordaithe ón Aontas ar Theagmhais agus Géarchéimeanna Cibearshlándála Mórscála**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Á MHEABHRÚ DI na conclúidí uaithi maidir leis an méid seo a leanas:

– Straitéis Chibearshlándála an Aontais Eorpaigh sa Deacáid Dhigiteach[1],

– *EU Coordinated Response to Large-Scale Cybersecurity Incidents and Crises* [Freagairt Chomhordaithe an Aontais ar Theagmhais agus Géarchéimeanna Cibearshlándála Mórscála][2],

– Cibear-Thaidhleoireacht[3],

– Creat don chomhfhreagairt taidhleoireachta ón Aontas ar chibearghníomhaíochtaí mailíseacha ('Bosca uirlisí na Cibearthaidhleoireachta')[4],

– Slándáil agus Cosaint[5],

– Creat Beartais Cibearchosanta an Aontais Eorpaigh[6],

– Todhchaí Dhigiteach na hEorpa a Mhúnlú[7],

– Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1993 ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Socruithe Comhtháite an Aontais i leith Freagairt Pholaitiúil ar Ghéarchéim,

---

1 7290/21.
2 10086/18.
3 6122/15 + COR 1.
4 10474/17.
5 8396/21.
6 15585/14.
7 8711/20.

– Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: Athléimneacht, bacadh agus cosaint: Cibearshlándáil láidir a thógáil don Aontas Eorpach[8],

– fothú acmhainneachta agus forbairt cumas i ndáil leis an gcibearshlándáil san Aontas Eorpach[9],

1. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a thábhachtaí atá an chibearshlándáil chun Eoraip athléimneach, ghlas agus dhigiteach a thógáil. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil an chibearshlándáil fíor-riachtanach do rathúnas agus do shlándáil an Aontais agus a Bhallstáit, a chuid saoránach, gnólachtaí agus institiúidí, agus chun sláine ár sochaithe saora daonlathacha a chaomhnú.

2. AITHNÍONN SÍ cineál trasteorann agus trasearnála a lán bagairtí cibearshlándála, agus na rioscaí agus na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag feachtais leanúnacha cibirghníomhaíochtaí mailíseacha a mbeadh tionchar níos mó acu, níos sofaisticiúla, níos spriocdhírithe, níos casta, níos leanúnaí, agus/nó níos forleataí[10]. Le paindéim COVID-19, nochtar a thuilleadh leochaileachtaí ár sochaithe agus an baol go ndéanfaí dochar don gheilleagar, don daonlathas, do sheirbhísí bunriachtanacha agus do bhonneagar criticiúil, go háirithe in earnáil na sláinte, mar gheall ar chibirtheagmhais mhórscála. Tá méadú tagtha freisin ar an tábhacht a bhaineann le nascacht agus le spleáchas na sochaí ar chóras gréasán agus faisnéise atá slán iontaofa. I ndeireadh na dála, cuireadh i dtreis leis an bpaindéim an gá atá le hidirlíon a bheidh domhanda, oscailte, saor, cobhsaí agus slán agus, mar aon leis sin, le muinín a bheith ann as táirgí, seirbhísí agus próisis theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (TFC), agus as a slándáil, lena n-áirítear an gá le slabhra soláthair athléimneach a áirithiú.

8 14435/17 + COR 1.
9 7737/19.
10 ENISA Timpeallacht na bagartha 2020.

3. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá an chibear-athléimneacht agus creat bainistithe géarchéime cibearshlándála an Aontais[11] a fhorbairt a thuilleadh, arb é is aidhm dó freagairt thráthúil éifeachtúil ar theagmhais agus géarchéimeanna cibearshlándála mórscála ar leibhéal an Aontais, agus é a chomhtháthú a thuilleadh i sásraí cothrománacha agus earnála an Aontais i leith freagairt ar ghéarchéimeanna. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR ról na Comhairle agus na socruithe comhtháite maidir le freagairt pholaitiúil ar ghéarchéimeanna chun comhordú agus freagairt thráthúil ar ghéarchéimeanna a áirithiú ar leibhéal polaitiúil an Aontais, is cuma an san Aontas nó lasmuigh den Aontas a thagann siad agus a bhfuil tionchar nó tábhacht pholaitiúil leathan acu. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé creata agus sásraí den chineál sin a thástáil i bhfreachnaimh thráthrialta.

4. MEABHRAÍTEAR DI maidir le gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais i ndáil le cibirtheagmhais agus cibirghéarchéimeanna mórscála, go dtarlaíonn siad i gcomhréir le prionsabail na coimhdeachta, na comhréireachta, na comhlántachta, na neamhdúbailte agus na rúndachta. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gurb iad na Ballstáit atá freagrach go príomha as an bhfreagairt ar theagmhais agus géarchéimeanna cibearshlándála mórscála a dhéanann difear dóibh. MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá sé inniúlachtaí na mBallstát a urramú, mar aon leis an bhfreagracht as an tslándáil náisiúnta atá orthu féin amháin, i gcomhréir le hAirteagal 4(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, lena n-áirítear i réimse na cibearshlándála.

5. MEABHRAÍTEAR DI ag an am céanna a thábhachtaí atá sé inniúlachtaí agus sainorduithe institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais a urramú. Tá ról ríthábhachtach ag an Ardionadaí, an Coimisiún agus institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile an Aontais, a eascraíonn as dlí an Aontais, lena n-áirítear de bharr an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na teagmhais agus na géarchéimeanna cibearshlándála mórscála ar an margadh aonair, agus ar fheidhmiú institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais.

[11] 10086/18.

6. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá an dúbailt neamhriachtanach a sheachaint agus comhlántacht agus breisluach a lorg agus tuilleadh forbartha á déanamh ar chreat bainistithe géarchéime cibearshlándála an Aontais, agus gur gá ailíniú a áirithiú leis na sásraí, na tionscnaimh, na líonraí, na próisis agus na nósanna imeachta atá ann cheana ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a thábhachtaí atá sé na próisis agus na struchtúir atá ann cheana a shruthlíniú chun castacht a laghdú agus, ar mhaithe le comhtháthú san Aontas, chun feabhas a chur ar inrochtaineacht agus freagrúlacht dóibh siúd a bhfuil cúnamh agus dlúthpháirtíocht á lorg acu.

7. AITHNÍONN SÍ infheidhmeacht an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear Cairt na Náisiún Aontaithe ina hiomláine, an dlí idirnáisiúnta daonnúil agus dlí chearta an duine sa chibearspás, agus CUIREANN SÍ CHUN CINN go gcloífear leis na noirm, na rialacha agus na prionsabail neamhcheangailteacha deonacha a bhaineann le hiompar freagrach stáit sa chibearspás, arna bhformhuiniú ag Ballstáit uile na Náisiún Aontaithe.

8. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn a baineadh amach le blianta beaga anuas sa Chomhairle, go háirithe sa Mheitheal Chothrománach um Chibircheisteanna agus i meithleacha ábhartha eile de chuid na Comhairle, agus i leith tionscnaimh, líonraí agus sásraí comhair agus comhroinnte faisnéise eile a chur ar bun i measc na mBallstát, go háirithe an Grúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise agus Líonra na bhFoirne Freagartha do Theagmhais a bhaineann le Slándáil Ríomhairí, a bunaíodh le Treoir (AE) 2016/1148 ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016, an Líonra Eorpach um Eagrú an Idirchaidrimh maidir le Cibearghéarchéimeanna (CyCLONe), chomh maith le tionscadail ábhartha a bhaineann le cibearchosaint a seoladh faoin mBuanchomhar Struchtúrtha (PESCO)[12], an Tascfhórsa Comhpháirteach in aghaidh na Cibearchoireachta, an Gréasán Breithiúnach Eorpach um Chibearchoireacht (EJCN), rannchuidithe na mBallstát le Lárionad Faisnéise agus Staide an Aontais Eorpaigh (EU INTCEN), agus comhordú agus comhar i gcomhthéacs Bhosca Uirlisí na Cibearthaidhleoireachta.

[12] Go háirithe na 'Foirne Mearfhreagartha Cibirtheagmhas agus Cúnamh Frithpháirteach maidir le Cibearshlándáil' arna gcomhordú ag an Liotuáin, an 'Lárionad Comhordúcháin Cibearchosanta agus Faisnéise' arna chomhordú ag an nGearmáin, an '(t)Ardán le haghaidh Comhroinnt Faisnéise faoi Fhreagairt Cibearbhagairtí agus Cibirtheagmhas' arna chomhordú ag an nGréig.

9. MEABHRAÍTEAR DI na creataí atá ann cheana don chomhar idir institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais, amhail an comhar struchtúrtha idir ENISA agus CERT-EU, agus an Meabhrán Míniúcháin idir ENISA, an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC), Ionad Cibearchoireachta na hEorpa (EC3) de chuid Europol agus CERT-EU. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé leanúint den fhaisnéis a chomhroinnt leis an gComhairle go tráthrialta maidir le forbairtí breise i gcreataí sin an chomhair.

10. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé an comhar agus an chomhroinnt faisnéise a fheabhsú i measc chibearphobail éagsúla an Aontais agus ina Bhallstáit ar gach leibhéal riachtanach – teicniúil, oibríochtúil agus straitéiseach/polaitiúil – agus sásraí, líonraí, struchtúir, próisis agus nósanna imeachta bainistithe géarchéime atá ann cheana a nascadh le chéile i gcás ina dtacaíonn sin le láimhseáil cibirtheagmhas agus cibirghéarchéimeanna mórscála agus ina gcuireann sé feabhas ar an láimhseáil sin.

11. ADMHAÍONN SÍ an dul chun cinn a bhain grúpa Ballstát amach agus cibearchumas comhpháirteach oibríochtúil, 'Foirne Mearfhreagartha Cibirtheagmhas' á chruthú faoi chuimsiú PESCO, lena ndírítear ar an gcomhar deonach a dhoimhniú sa chibir-réimse tríd an gcúnamh frithpháirteach, lena n-áirítear mar fhreagairt ar chibirtheagmhais agus cibirghéarchéimeanna mórscála.

12. ADMHAÍONN SÍ an taithí agus an cumas freagartha 24/7 atá ag an gcomhphobal forfheidhmithe dlí i réimse an chomhair oibríochtúil agus an mhalartaithe faisnéise shláin i gcoinne cibirionsaithe trasteorann mórscála trí Phrótacal Práinnfhreagartha Forfheidhmithe Dlí an Aontais.

13. AITHNÍONN SÍ cur chun feidhme leanúnach an chreata d'fhreagairt chomhpháirteach taidhleoireachta ón Aontas ar chibirghníomhaíochtaí mailíseacha ('Bosca uirlisí na cibearthaidhleoireachta'). MEABHRAÍONN SÍ go bhfuil gach Ballstát saor chun a chinneadh ceannasach féin a dhéanamh i ndáil le cibirghníomhaíocht mhailíseach a shannadh, ar cinneadh é a dhéantar ar bhonn cás ar chás. MEABHRAÍONN SÍ gur cheart na bearta a dhéantar faoi chuimsiú an chreata le haghaidh freagairt chomhpháirteach taidhleoireachta ón Aontas ar chibirghníomhaíochtaí mailíseacha a bheith bunaithe ar fheasacht staide chomhroinnte arna comhaontú i measc na mBallstát. Tá ról lárnach ag EU INTCEN mar an mol chun feasacht staide agus measúnú ar bhagairtí a chur ar fáil maidir le cibircheisteanna don Aontas, bunaithe ar rannchuidithe faisnéise deonacha ó na Ballstáit agus gan dochar dá n-inniúlachtaí.

14. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá an cúnamh frithpháirteach agus an dlúthpháirtíocht, i gcomhréir le hAirteagal 42(7) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Airteagal 222 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus IARRANN SÍ go ndéanfar tuilleadh freachnamh lena ngabhfadh cibirghné. MEABHRAÍTEAR DI gur gá machnamh a dhéanamh ar an nasc atá idir creat bainistithe géarchéime cibearshlándála an Aontais, Bosca Uirlisí na Cibearthaidhleoireachta agus forálacha na n-airteagal thuasluaite i gcás cibirtheagmhas nó cibirghéarchéim mórscála. MEABHRAÍTEAR DI freisin go bhfuil na hoibleagáidí ar na Ballstáit a eascraíonn as Airteagal 42(7) den Chonradh ar an Aontas Eorpach gan dochar do thréithiúlacht shonrach bheartas slándála agus cosanta Ballstát áirithe. MEABHRAÍTEAR DI freisin gurb é ECAT bunchloch na gcosanta comhchoitinne i gcónaí i gcás na Stát sin atá mar bhall de.

15. ADMHAÍONN SÍ an comhar idir an tAontas agus ECAT maidir leis an gcibearshlándáil agus an chibearchosaint, lena n-áirítear faisnéis a chomhroinnt idir CERT-EU agus Cumas Freagartha Teagmhas Ríomhairí ECAT (NCIRC), agus prionsabail na trédhearcachta, na cómhalartachta agus na cuimsitheachta mar aon le neamhspleáchas cinnteoireachta an dá eagraíocht á n-urramú ina n-iomláine.

16. ADMHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá an comhar, i gcás inarb iomchuí, leis an earnáil phríobháideach i dtéarmaí freachnaimh comhroinnte faisnéise, agus saineolas ábhartha a chur ar fáil, chomh maith le réitigh agus seirbhísí iontaofa, lena n-áirítear, mar shampla, chun tacú le freagairt ar theagmhais agus chun feasacht staide a threisiú idir cibearphobail éagsúla.

17. CUIREANN SÍ I bhFIOS a thábhachtaí atá bealaí cumarsáide slána chun faisnéis rúnaicmithe agus íogair a mhalartú. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh.

I ndáil leis sin, agus an méid thuas á chur san áireamh,

18. ADMHAÍONN SÍ an Moladh ón gCoimisiún maidir le Cibearaonad Comhpháirteach, mar thionscnamh a mheasfar agus forbairt bhreise á déanamh ar chreat bainistithe géarchéime cibearshlándála an Aontais[13].

19. IARRANN SÍ ar an Aontas Eorpach agus ar a Bhallstáit leanúint dá n-iarrachtaí i dtreo creat bainistithe géarchéime cibearshlándála an Aontais atá níos cuimsithí agus níos éifeachtaí, ag cur leis na sásraí atá ann cheana agus leis an dul chun cinn a baineadh amach cheana féin, agus aird a tabhairt ar acmhainneacht thionscnamh an Chibearaonaid Chomhpháirtigh chun na sásraí sin a chomhlánú trí chur chuige céim ar chéim a ghlacadh. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil próiseas incriminteach, trédhearcach agus cuimsitheach bunriachtanach chun muinín a fheabhsú agus, dá bhrí sin, go bhfuil sé ríthábhachtach do chreat bainistithe géarchéime cibearshlándála de chuid an Aontais a fhorbairt a thuilleadh. Ba cheart go n-urramófaí leis an bpróiseas sin na róil, na hinniúlachtaí agus na sainorduithe atá ag na Ballstáit agus ag institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais cheana féin, chomh maith leis na prionsabail a luaitear sna conclúidí, lena n-áirítear comhréireacht, coimhdeacht, cuimsitheacht, comhlántacht, neamhdhúbláil, agus rúndacht faisnéise. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR, ag an am céanna, gur ar bhonn deonach a bheidh rannpháirtíocht fhéideartha na mBallstát i gCibearaonad Comhpháirteach a d’fhéadfadh a bheith ann, agus gur ar bhonn deonach a bheidh rannchuidithe féideartha na mBallstát chuig an gCibearaonad freisin.

[13] C(2021)4520 final (11155/21 agus 11155/21 ADD1).

20. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá le modhanna oibre agus rialachas leordhóthanach a bhunú, d'fhonn rannpháirtíocht agus rannpháirteachas na mBallstát uile a cheadú sa phlé, san fhorbairt agus sna próisis éifeachtacha chinnteoireachta maidir le creat bainistithe géarchéime cibearshlándála an Aontais, lena n-áirítear maidir le tionscnamh an Chibearaonaid Chomhpháirtigh a d'fhéadfadh a bheith ann. IARRANN SI go n-urramófaí sainchumais na Comhairle faoi na Conarthaí agus prionsabal an chomhair dhílis.

21. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé na cibearphobail ábhartha uile laistigh den Aontas agus dá Bhallstáit a shainaithint agus a páirt a thabhairt dóibh, agus a róil agus a bhfreagrachtaí éagsúla á gcur san áireamh i gcineálacha éagsúla cibeartheagmhas agus cibear-ghéarchéimeanna mórscála. CUIREANN SÍ I dTREIS ról ríthábhachtach na Comhairle, go háirithe tríd an Meitheal Chothrománach um Chibircheisteanna, san fheidhm ceaptha beartais agus comhordúcháin beartais maidir le creat bainistithe géarchéime cibearshlándála an Aontais a fhorbairt a thuilleadh. IARRANN SÍ, dá bhrí sin, ar na Ballstáit, ar an gCoimisiún, ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), ar EU INTCEN, CERT-EU, ENISA, ar Europol (EC3), ar Eurojust (EJCN), ar an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta, Teicneolaíochta agus Taighde Cibearshlándála (ECCC), agus ar ionadaithe ó Líonra CSIRTanna, ó CyCLONe, ón nGrúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise, ó GEC, agus ó thionscnaimh PESCO ábhartha, chomh maith le geallsealbhóirí eile a d'fhéadfadh a bheith ann, páirt a ghlacadh sa phróiseas sin. D'fhéadfaí meitheal fhéideartha, mar a mholtar sa Mholadh ón gCoimisiún, a fhiosrú a thuilleadh, trí ionadaíocht leordhóthanach na mBallstát uile a áirithiú agus trí ghníomhú faoi threoir pholaitiúil na Comhairle, chun bheith ina fóram sealadach ina dtugtar le chéile ionadaithe ó na cibearphobail ábhartha uile sna Ballstáit agus laistigh den Aontas. Ba cheart do mheitheal den sórt sin tuairisciú go rialta ar a cuid gníomhaíochtaí agus moltaí a d'fhéadfadh a bheith ann a chur faoi bhráid na Comhairle lena bplé, lena bhformhuiniú agus le haghaidh treoir bhreise. Ina theannta sin, d'fhéadfaí cineálacha eile idirphlé a bhunú laistigh de phobail agus idir pobail, lena n-áirítear trí cheardlanna, seimineáir, comhoiliúint agus freachnaimh.

22. CUIREANN SÍ I dTREIS an ról atá ag an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta, Teicneolaíochta agus Taighde Cibearshlándála agus ag Líonra na Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin maidir leis an gCibearaonad Comhpháirteach a d'fhéadfadh a bheith ann, go háirithe i bhfianaise an róil atá aige acmhainneachtaí teicneolaíochta, réitigh theicneolaíocha, cumais agus scileanna an Aontais a mhéadú go mór i réimse na cibearshlándála.

23. IARRANN SÍ ar an Aontas agus na Ballstáit páirt a ghlacadh chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chreat bainistithe géarchéime cibearshlándála an Aontais, lena n-áirítear trí fhéachaint ar an acmhainneacht a bhaineann le tionscnamh Cibearaonaid Chomhpháirtigh tríd an bpróiseas a leagan síos agus a shainiú, lena n-áirítear garspriocanna agus amlíne, chomh le soiléiriú a dhéanamh ar na haidhmeanna agus ar na róil agus ar na freagrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur gá líonraí agus idirghníomhaíochtaí atá ann cheana laistigh de gach comhphobal a chomhdhlúthú, chomh maith le mapáil chríochnúil a dhéanamh ar bhearnaí agus riachtanais comhroinnt faisnéise laistigh de chibearphobail agus idir na cibearphobail agus laistigh de na hinstitiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí Eorpacha agus eatarthu, agus ina dhiaidh sin teacht ar chomhaontú maidir le príomhchuspóirí agus príomhthosaíochtaí féideartha a bheadh ag Cibearaonad Comhpháirteach a d'fhéadfadh a bheith ann. Gan dochar don toradh, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá díriú ar shainaithint na riachtanas maidir le comhroinnt faisnéise chun feasacht staide choiteann a chothú i measc na bpobal ábhartha uile. Agus bearnaí agus riachtanais comhroinnte faisnéise á sainaithint, lena n-áirítear an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as ardáin fhíorúla, ba cheart leanúint d'aird chuí a thabhairt ar bhealaí cumarsáide slána chun faisnéis rúnaicmithe agus íogair a mhalartú, agus ag an am céanna Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI a thábhachtaí atá sé an bonneagar atá ann cheana a úsáid. Tá sé beartaithe cur chuige céimnitheach a thabhairt isteach chun cur leis an muinín agus mar bhonn do chéimeanna breise a d'fhéadfaí a ghlacadh maidir le hullmhacht agus comhar oibríochtúil a fheabhsú. ADMHAÍONN SÍ go bhféadfadh réitigh éagsúla agus rannpháirtíocht tacar éagsúil ionadaithe ó chibearphobail ábhartha laistigh den Aontas agus dá Bhallstáit a bheith de dhíth mar thoradh ar chuspóirí éagsúla.

24. IARRANN SÍ go ndéanfar machnamh breise ar bhunús dlí don Chibearaonad Comhpháirteach ionchasach tríd an bpróiseas ar fad, lena n-áirítear measúnú ar na cúraimí agus na róil i dtaca leo siúd a shanntar do ENISA sa Mholadh i bhfianaise Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019. IARRANN SÍ go ndéanfar machnamh breise ar eilimintí aonair an Mholta maidir leis an gCibearaonad Chomhpháirteach, lena n-áirítear i ndáil le coincheap Fhoirne Mearfhreagartha Cibearshlándála an Aontais agus i ndáil le Plean an Aontais Eorpaigh um Theagmhais Chibearshlándála agus Freagairt ar Ghéarchéimeanna. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT nach mór do Chibearaonad Comhpháirteach a d'fhéadfadh a bheith ann inniúlachtaí, sainorduithe agus cumhachtaí dlíthiúla na rannpháirtithe a d'fhéadfadh a bheith aige amach anseo a urramú.

25. IARRANN SÍ ar an Aontas agus ar a Bhallstáit machnamh a dhéanamh ar an acmhainneacht a bhaineann le tionscnamh Cibearaonaid Chomhpháirtigh, ó thaobh institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais freisin chun iarrachtaí leanúnacha ar leibhéal na mBallstát a chomhlánú. IS DÍOL SÁSAIMH DI rún an Choimisiúin athléimneacht institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais a threisiú tríd an Togra atá le teacht uaidh le haghaidh Rialachán maidir le rialacha ceangailteacha comhchoiteanna i ndáil leis an gcibearshlándáil d'institiúidí, do chomhlachtaí agus do ghníomhaireachtaí an Aontais.

26. Mar fhocal scoir, ATHDHEARBHAÍONN SÍ a tiomantas maidir le feabhas a chur ar an gcibear-athléimneacht agus maidir le creat bainistithe géarchéime cibearshlándála an Aontais a fhorbairt a thuilleadh agus DÉANFAIDH SÍ FAIREACHÁN TRÁTHRIALTA ar an dul chun cinn agus cuirfidh sí treoir bhreise ar fáil chun creat bainistithe géarchéime cibearshlándála an Aontais a chomhlánú.